CEANNASAÍ OIFIG MEDIA NA GAILLIMHE
Post Lánaimseartha

Is oifig eolais don Chlár An Eoraip Chruthaitheach í Deasc na hEorpa Cruthaithí Oifig MEDIA na Gaillimhe a chuireann seirbhís eolais ar fáil maidir leis an bhfó-chlár MEDIA atá ag tacú le tionscal closamhairc na hEorpa.

Tá Oifig MEDIA na Gaillimhe ag earcú Ceannasaí don eagraíocht atá lonnaithe sa Spidéal, Co na Gaillimhe.

Is post sinsearach, dúshlánach é seo ag bainistiú na heagraíochta maraon le seirbhís eolais agus comhairleoireachta a chur ar fáil don earnáil closamhairc san Iarthar agus sna ceantair Gaeltachta.

Beidh sár-scileanna idir-phearsanta agus cumarsáide ag an té a cheapfar agus beidh siad ábalta oibriú go neamhspléach, solúbtha as a stuaim féin. Is fearr tuiscint ar an earnáil closamhairc a bheith ag iarrathóirí agus bheadh suim faoi leith i gcúrsaí teilifíse nó scannánaíochta mar bhuntáiste.

Is í an Ghaeilge príomhtheanga oibre na hOifige. Is fostóir comhionnanais é Oifig MEDIA na Gaillimhe

Tá eolas sonrach faoin bpost ar fáil anseo.

Seol do CV maraon le litir iarratais ina leagtar amach an bealach a n-oireann do thaithí agus do cháilíochtaí don ról seo chuig eolas@creativeeuropeireland.eu roimh 17.00 ar an **20ú Meán Fómhair 2024**.